



Misean Starfish 2030: Athchóiriú ar ár n-Aigéan agus ár n-Uscí a gCosaint, agus a nAthshlánú*



Céard atá i gceist le Misin an Aontais?

Misin seo an Aontais, b'inspioráid dóibh misean Apollo 11 chun na gealaí, agus is gealltanas iad i ndúshlán mhóra seo na sochaí:

- An ailse a chomhrac;
- Saol an duine a chur in oiriúint don athrú aeráide;
- Na cathracha ina mairimid a thabhairt chun athghlaise;
- Sláinte na hithreach a chinntiú ionas gur folláin don bhia, don duine, don dúlra agus don aeráid;
- Na haigéin, na farraigí, na cóstaí agus na haibhneacha a ghlanadh agus a athshlánú*.

Beidh tráthchlár agus buiséad sonrath ann le haghaidh gach ceann de mhisin an Aontais, agus is de réir an dúshláin atá le sárú a shocrófar an buiséad sin. Beidh fairsinge sna misin thar mar is iondúil i gcleachtadh an taighde agus na nuálaíochta, fairsinge a spreagfaidh an nuálaíocht thras-earnálach le réitigh éifeachtacha a chur ar fáil. Thairis sin, beidh ról ríthábhachtach ag na misin maidir le tosaíochtaí an Aontais a bhaint amach, an Comhaontú Glas don Eoraip mar shampla, agus Plean Gníomhaíochta na hEorpa chun an Ailse a Chomhrac.

Tá tábhacht le do chion féin den obair

Táimid ag brath ortsa leis na misin sin a chur sa siúl. Go nuige seo is amhlaidh a chuir na boird mhisin a dtuairimí in iúl don Choimisiún Eorpach, rud a rinne réimse leathan saineolaithe freisin ó eagraíochtaí taighde, eagraíochtaí déanta beartas, eagraíochtaí ón tsochaí shibhialta agus eagraíochtaí cleachtóirí, agus é sonraithe dá réir cé acu misin is féidir. Is mithid feasta dul i dteagmháil le muintir na hEorpa, do dhála féin, lena chinntiú go mbíonn misin ábhartha do thíortha an Aontais ar fad agus go ndéanfar difear mór do na tíortha sin dá mbarr. I gcomhar le chéile is fearr a bheidh toradh ar ár gcuid oibre.

* Misean Folláine an Aigéin, na bhFarraigí agus na nUiscí Cósta agus Intíre.

Misean Starfish 2030: Athchóiriú ar ár n-Aigéan agus ár n-Uiscí

An pláinéad a bheith sláintiúil, an pláinéad a bheith gorm, is mór tábhacht an dá ní sin i gcomhair na todhchaí. Is codanna d'aon chóras amháin iad an t-aigéan, na farraigí, agus na huiscí cósta agus intíre, córas a bhfuil tuairim agus 75% de dhromchla an domhain faoi chumhdach aige. Mar fhoinsé bithéagsúlachta, is ann is mó atá saibhreas, agus gintear gnáthóga ann nach ngintear in aon áit eile, mar is iad coinníollacha an aigéin amháin atá i bhfeiliúint dóibh. Nasctar é le gnéithe eile de chóras na haeráide trí mhalartú domhanda an uisce, an fhuinnimh agus an charbóin. Is earraí poiblí iad an t-aigéan agus uiscí an domhain. Is orainn ar fad, duine ar dhuine, pobal ar phobal, atá an fhreagracht i gcosaint na n-aigéan agus na n-uiscí agus atá freagracht as a sláinte. Chun na críche sin, caithfear an pheirspictíocht atá againn a athrú agus an luach atá leis an aigéan agus le huiscí an domhain a thuiscint, uiscí is gá a shíorchothú, ní a ídiú.

Braitheann muintir an domhain ar fad ar an aigéan, ar na farraigí agus ar na huiscí intíre, bíodh sin go díreach nó go hindíreach. Is é lom na fírinne nárbh ann don bheatha ar an domhan seo murach aigéan agus uiscí sláintiúla.



© davidclode, starfish. Source: unsplash.com

Tá díriú sa mhisean seo ar éiceachórais mhara agus fionnuisce na hEorpa a thabhairt chun solais go hiomlán agus ar a n-athshlánú go hiomlán faoi 2030. Chuige sin, déanfaidh an misean uiscí na mara agus na fionnuiscí a ghlanadh, bithéagsúlacht shaibhir na n-uiscí sin a chur faoi bhláth athuair, agus ár ngeilleagar gorm a fhágáil inbhuanaithe agus neamhdhíobhálach don chomhshaol.

Is dá bhrí sin atá sé ar cheann de na bearta is cinniúnaí dá ndéanfar lenár linn eolas a chur ar an aigéan, ar na farraigí agus ar na huiscí, a gcosaint agus a n-athshlánú. Is ón gcóras uisce idirnasctha a **shíolraíonn gach cineál beatha ar domhan**, agus is air a bhraitheann beo an duine ar an bpláinéad seo. Is ón aigéan agus ó na huiscí **a fhaighimid uisce le hól agus aer le hanálú**, ós iontu a ghintear 50% den ocsaigin atá ar an bpláinéad. Tá thart ar thrí cheathrú de dhromchla na cruinne faoi aigéin agus faoi uisce, agus a bhuí leosan thar aon ní eile, **tá aeráid sheasmhach ag an duine, aeráid is cothú dá bheo**. Tá **bithéagsúlacht shaibhir ag roinnt leo**, agus maireann speicis iontu nach maireann in aon áit eile. Is foinse **bhia, foinse fuinnimh ghlain agus foinse cógas nuálach dúinn na haigéin agus na huiscí, agus tá** go leor inár measc a bhfuil a slí bheatha ag brath orthu. Is iomaí **iontas aineoil** iontu nár nochtadh dúinn go fóill.

Dá ainneoin sin ar fad, tá **lorg ár gcos á fhágáil ar na haigéin agus na huiscí againn, lorg a bhíonn de shíor ag dul i méid**. Ar an ábhar sin tá sé ag teacht i gceist go géar gasta go bhfuil an tsláinte ag teip orthu, agus tá bagairt ar a gcumas chun



© karmaknight, #304705893, 2020. Source: stock.adobe.com

iliomad seirbhísí riachtanacha a sholáthar:

- Gach gné de thimthriall an uisce, ó bheanna na nAlp in airde gona sneachta agus oighir agus anuas as sin go grinneall, tá díobháil á déanamh orthu mar gheall ar an **truailiú**.
- Leithéidí na ró-iascaireachta, na turasóireachta neamh-inbhuanaithe agus úsáid neamh-inbhuanaithe na talún, **is gníomhaíochtaí de chuid an duine iad** atá ag bagairt a ndíothaithe ar tuilleadh speiceas anois ná riamh cheana.
- Toisc na **héigeandála aeráide, éigeandáil arb iad gníomhaíochtaí an duine is cúis léi**, tá athrú ar staid an aigéin agus na n-uiscí, agus ar na feidhmeanna ríthábhachtacha a thugann siad i gcrích. Thart ar an gceathrú cuid dár n-astaíochtaí CO₂, ionsúitear as an aer iad isteach san aigéan, rud a fhágann go mbíonn an t-aigéan níos aigéadaí agus gan é ina áitreabh chomh feiliúnach do speicis go leor.
- De bharr teochtaí méadaithe agus an leá ar oighear na mol, tá **na feachtaí aigéin á n-athrú** agus tá ag moilliú ar Shruth na Murascaille. Is crann taca ar leith don Eoraip an sruth sin ar ábhair go leor, mar atá an aeráid a bheith bog, dóthain báistí le haghaidh sheasmhacht talmhaíochta, agus gabhálacha líonmhara éisc a bheith ann.
- Iarmhairtí an athraithe sin, is cuid den saol iad cheana, **an t-ardú i leibhéal na bhfarraigí, agus an méadú ar na drochthuilte agus ar eachtraí adhaimsire**, an triomach fada cuir i gcás, rud a chuireann ár slí bheatha i mbaol, agus líon mór pobal á ruaigeadh cheana aige ón dúchas.



Leis an scéal sin a chur ina cheart, molann an tAontas Eorpach Misean a sheoladh. Is é sin misean chun eolas a chur ar an aigéan agus ar uiscí an domhain, a n-athshlánú agus a gcosaint faoi 2030, misean a cheiliúrfaidh sár-acmhainn ár bpláinéid – na huiscí a bhronnann an bheatha féin orainn.

Gura díol urraime agus iontais aibhneacha agus lochanna na hEorpa, na cóstaí, na farraigí agus an t-aigéan; Cotháimis féith na fionnachtana trí mheán na heolaíochta, an taighde agus na nuálaíochta, agus cuireadh nua gach réitigh agus gach fionnachtana aiteas agus iontas ar na daoine. Bí linn i gcosaint na suáilcí uisce nár cuireadh ó mhaith go fóill, agus in

athghabháil na suáilcí atá imithe. Bí i do cheannaire i ndéanamh na ngníomhaíochtaí éifeachtacha, trína thaispeáint gur féidir tionchar mór a imirt ach roghanna beaga den chineál ceart a dhéanamh ó lá go lá. Caithfidimid timthriall an uisce ina iomláine – ón bhfoinse féin go dtí an sconna aníos – a thuiscint mar chóras.

Agus cúig ghéag na crosóige mara ina n-ábhar inspioráide aige, is ar chúig chuspóir uileghabhálacha a dhíreoidh an misean. Féachfaidh an misean leis na rúin nach bhfaca súil an duine riamh, iad ceilte

orainn go fóill san aigéan agus in uiscí an domhain, **a thabhairt chun solais. Is é is aidhm dó deireadh a chur le truilliúna** n-aigéan agus na n-uiscí de dhramhaíl phlaisteach, ceimiceáin agus éilleáin eile a théann i bhfarraige. An dúlra gona bhithéagsúlacht agus a chuid éiceachóras díghrádaithe, déanfaidh an misean a n-athshlánú sin le breis chosanta, athfhoraoisiú, athbhunú na speiceas, agus réitigh eile bunaithe ar an dúlra. Le cuidiú an mhisin, **beidh an geilleagar gorm níos inbhuanaithe agus níos neamhdhíobhálaí don aeráid**, rud a tharlóidh trí shaothrú teicneolaíochtaí atá neodrach inathnuaite ó thaobh carbóin de, astaíochtaí ó earnálacha atá ann cheana a laghdú, agus réitigh nuálacha a fhorbairt chun lorg an duine ar an gcomhshaol a laghdú. Ar mhaithe leis an misean seo a thabhairt i gcrích, cuirfidh an tAontas Eorpach leis na beartais agus na cláir atá aige. Tacóidh sé le **smaointe nua, taighde nua agus le nuálaíocht** le réitigh a fhorbairt agus a fhairsingiú, réitigh a fhéadfaidh athrú ó bhonn a chur ar chúram an chomhshaoil ghoirm. Ar mhaithe leis an sprioc choiteann sin a bhaint amach, déanfaidh an misean freisin **múnlaí nua rialachais a mholadh**, agus comhpháirtíochtaí a thógáil le rialtais, le comhlachtaí, le hollscoileanna, leis an tsochaí shibhialta agus le dreamanna eile go leor.

Sin rud nach féidir ámh gan cúnamh uaitse. Lámh ar lámh leatsa is gá dúinn an obair a dhéanamh, obair ar son thodhchaí an aigéin, thodhchaí na bhfarraigí agus na gcóstaí, thodhchaí na n-aibhneacha agus na lochanna, todhchaí a bheidh ar fheabhas. Táimid ag iarraidh go mbeidh lámh agat féin sa réiteach, i bhfeabhas tuisceana ar an aigéan agus na huiscí, in athrú ár ngníomhaíochtaí agus ár nósanna tomhaltais, ár ngnó agus ár mbeartais. Tá gá againn le cúnamh uaitse chun réitigh a fhorbairt lena laghdófar ár lorg éiceolaíoch agus chun teacht ar bhealach inbhuanaithe ina gcuirfear an geilleagar gorm chun oiread fónaimh agus is féidir. Bí ag gníomhú ar son athrú saoil i do phobal féin. Cabhraigh linn ár bpláinéad gorm a athshlánú agus an todhchaí a chur i riocht níos inbhuanaithe níos goirme.

Tuilleadh eolais: Féach <http://ec.europa.eu/mission-ocean> nó lean #MissionOcean #EUmissions #HorizonEU ar na meáin shóisialta.